Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021
(OR. en)

8194/21

LIMITE

CORLX 236
CFSP/PESC 421
COARM 84
CODUN 13

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm |

**CINNEADH (CBES) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915**
**maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Bealtaine 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/915[1].

(2) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1134[2], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915 agus lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 31 Márta 2021, d'iarr Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle , agus an 6 Aibreán 2021, d'iarr Expertise France , ina gcáil faoi seach mar Ghníomhaireachtaí Cur Chun Feidhme, údarú ón Aontas chun síneadh a chur, an dara huair, le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle, go dtí an 31 Eanáir 2022, mar gheall ar dhúshláin leanúnacha a eascraíonn as paindéim COVID-19.

(4) Níl aon impleacht maidir le hacmhainní airgeadais mar thoradh ar leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2017/915 go dtí an 31 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2017/915 an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

[2] Cinneadh (CBES) 2020/1134 an 30 Iúil 2020 lena leasítear Cinneadh (CBES) 2017/915 an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 247, 31.7.2020, lch. 24).

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2017/915:

'*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag an 31 Eanáir 2022.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*